

**IRISH UNIVERSITIES ACT, 1908**

**ACHT CHOLÁISTE PHRÍOMH-SCOILE NA GAILLIMHE, 1929**

**ACHT NA nOLLSCOILEANNA, 1997**

**OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH**

**REACTH CCLXXVII**

# Irish Universities Act, 1908

## Acht Choláiste Phríomh-Scoile na Gaillimhe, 1929 Acht na nOllscoileanna, 1997

### Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

#### REACTH CCLXXVII

Faoi agus de bhua na gcumhacht chuige sin a bheirtear dúinn ag na hAchtanna thuasluaite, déanaimidne, Údarás na hOllscoile ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, tríd an ionstraim seo faoi Shéala Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, an Reacht atá sa Sceideal seo thíos chun rialú ginearálta na hOllscoile sin.

Arna thabhairt faoi Ghnáth-Shéala Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, an dara lá déag seo de mhí na Nollag, Dhá Mhíle agus a Dó.

I láthair nuair a greamaíodh  
Gnáth-Shéala Ollscoil na  
hÉireann, Gaillimh, dó seo:

L.S.

Iognáid Ó Muircheartaigh, *Uachtarán*  
Séamus Mac Mathúna, *Rúnaí*

#### SCEIDEAL - REACTH CCLXXVII

Déanfar Reachtanna uile Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, roimhe seo a léamh agus a fhorléiriú maille leis na hathruithe, na breisithe agus na modhnuithe atá leagtha amach ina dhiaidh seo thíos.

## CAIBIDIL I

### OLLÚNACHT LE CÓGASEOLAÍOCHT CHLINICIÚIL

1. Bunaítear leis seo san Ollscoil an Ollúnacht lánaimseartha seo a leanas:

#### Ollúnacht le Cógaseolaíocht Chliniciúil.

2. Ní foláir do shealbhóir na hOllúnachta réamhráite bheith ag an am céanna ina s(h)ealbhóir i gcáil bhuan ar an oifig Chógaseolaí Chliniciúil Chomhairligh a bhunófar in éineacht leis an Ollúnacht sin ag Bord Sláinte an Iarthair in Ospidéal Choláiste na hOllscoile nó Ospidéal Pháirc Mhuirlinne i nGaillimh. I gcás go stadfaidh sealbhóir na hOllúnachta de bheith i seilbh ar an oifig, Chógaseolaí Chliniciúil Chomhairligh sin, measfar leis sin é/í a bheith éirithe as an Ollúnacht sin.
3. Caithfidh sealbhóir na hOllúnachta sin leath dá c(h)uid ama ar dhualgais na hOllúnachta sin agus leath dá c(h)uid ama ar dhualgais na hoifige Chógaseolaí Chliniciúil Chomhairligh réamhráite.
4. Is é an tuarastal bhliantúil a ghabhfaidh leis an Ollúnacht sin leath den tuarastal a ghabhann ó am go chéile le comhcheapacháin lánaimseartha mar Chomhairleoir Leighis Acadúil ag leibhéal Ollaimh.
5. Beidh ar shealbhóir na hOllúnachta sin teagasc cliniciúil a thabhairt do mhic léinn na hOllscoile ag na huaireanta agus sna hionaid a chinnfidh an Chomhairle Acadúil, ach go bhféadfaidh Údarás na hOllscoile iad sin a athbhreithniú.
6. Is oifig inphinsin í an Ollúnacht sin de réir forálacha Reachtanna CLXI, CLXV, CLXXXVI, CLXXXVII, CCVII agus CCXXVI, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
7. Beidh sealbhóir na hOllúnachta sin i seilbh oifige, má bhíonn sé/sí dea-iompartha agus go gcomhlíonfaidh a d(h)ualgais go cuí, go dtí go slánaí sé/sí cúig bliana seascad d'aois, agus féadfar é/í a choimeád in oifig ina dhiaidh sin go ceann cúig bliana eile: **AR CHOINNÍOLL** go molfaidh an tUachtarán d'Údarás na hOllscoile agus go gceadóidh Údarás na hOllscoile, gach bliain, é/í a choimeád in oifig amhlaidh.
8. Beidh ar shealbhóir na hOllúnachta sin comhoibriú le Ranna agus le hAonaid eile san Ollscoil ar mhodh a chinnfidh Údarás na hOllscoile ó am go chéile, tar éis dóibh dul i gcomhairle leis an gComhairle Acadúil.

## CAIBIDIL II

### ROINN NA CÓGASEOLAÍOCHTA CLINICIÚLA

1. Bunaítear leis seo Roinn na Cógaseolaíochta Cliniciúla, ina mbeidh an Ollúnacht le Cógaseolaíocht Chliniciúil, an Ollúnacht le Cógaseolaíocht, an Léachtóireacht le Cógaseolaíocht, an Léachtóireacht Shóisearach le Cógaseolaíocht, mar aon leis na hOllúnachtaí, Comhollúnachtaí, Léachtóireachtaí, Léachtóireachtaí Coláiste, Léachtóireachtaí Cliniciúla agus Léachtóireachtaí Sóisearacha uile a bhunófar ina dhiaidh seo.
2. Beidh feidhm ag forálacha Ailt 3 go 16 de Chaibidil I de Reacht CCLX i ndáil leis an Roinn réamhráite. Is é/í a bheith ina chéad Cheann ar an Roinn sin an tOllamh le Cógaseolaíocht Chliniciúil.

## CAIBIDIL III

1. Ní dhéanfaidh aon ní anseo difear d'aon cheapachán a rinneadh, d'aon cheart a fuarthas ná d'aon ghníomh a rinneadh faoi aon Reacht den Ollscoil roimhe seo.
2. Tiocfaidh an Reacht seo i ngníomh an dara lá déag de mhí na Nollag, Dhá Mhíle agus a Dó, agus féadfar Reacht CCLXXVII, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, a ghairm de, nó R. CCLXXVII, O. na hÉ., Gaillimh.

I láthair nuair a greamaíodh Gnáth-Shéala Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, dó seo:

L.S.

Iognáid Ó Muircheartaigh, *Uachtarán*  
Séamus Mac Mathúna, *Rúnaí*